PACÁISTE AN MHÚINTEORA



# DAONLATHAS AE I nGNÍOMH

## Cuir do thuairim in iúl le huirlisí an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh

An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

BUNEOLAS 1
AONAD 1: RÉAMHRÁ GAIRID MAIDIR LEIS AN AONTAS EORPACHPLEAN CEACHTA 3
AONAD 2: AN DAONLATHAS SAN AONTAS 11
AONAD 3: AN TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH 17
AONAD 4: TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH A FHORBAIRT AGUS A CHUR CHUN CINN 21
TRÁTH NA GCEIST CLABHSÚIR 25
EOCHAIR FREAGRAÍ THRÁTH NA GCEIST CHLABHSÚIR 27
LEATHANACH FÍRICÍ FAOI CHONARTHAÍ AN AONTAIS EORPAIGH 28
RÉIMSÍ GNÍOMHAÍOCHTA AE (ROGHA) 31
PRÓISEAS DÉANTA DLÍTHE AE 32

# Buneolas

Is é aidhm an mhodúil oideachais seo buntreoir a thabhairt do dhaltaí ar thopaic na rannpháirtíochta daonlathaí san Aontas Eorpach agus an t-eolas agus na scileanna a thabhairt dóibh a theastaíonn chun a gcearta mar shaoránaigh AE a fheidhmiú. Díríonn an modúl ar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh mar chuid den thaiscéaladh sin. Faoi dheireadh an mhodúil, beidh tuiscint shoiléir ag na scoláirí ar chuspóir an tionscnaimh, an tslí a n-oibríonn sé, agus conas a luíonn sé leis an daonlathas san Aontas Eorpach go ginearálta, agus conas is féidir leo é a úsáid chun athrú a dhéanamh ina ndomhan féin.

**Céard é an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh?**

Cuireann an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ar chumas saoránaigh AE tionchar a imirt ar bheartais AE trí na nithe is tábhachtaí dóibh féin a chur ar an gclár oibre Eorpach. I dtionscnamh Eorpach ó na saoránaigh tugtar daoine ó thíortha AE difriúla le chéile chun sínithe a bhailiú agus iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach dlíthe a mholadh i réimsí mar a bhfuil cumhachtaí ag an gCoimisiún chun beart a dhéanamh. Is slí ón mbun aníos é chun tús a chur le díospóireacht pholaitiúil agus feasacht a mhúscailt ar chúiseanna atá i bpáirt ag daoine trasna teorainneacha. Seoladh an uirlis in 2012 agus tá sé ag teacht in inmhe anois; cheap an Coimisiún Eorpach tograí dlí nithiúla de dhroim tionscnaimh éagsúla.

**Cén fáth ar chóir do mhic léinn foghlaim faoin rannpháirtíocht dhaonlathach san Aontas Eorpach le béim ar leith ar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh?**

Bíonn cead ag saoránaigh a gcuid tuairimí a chur in iúl gan bhac i ndaonlathas sláintiúil atá ag déanamh go maith. Tig leo a gcearta vótála a fheidhmiú go héifeachtach, bheith rannpháirteach sa díospóireacht phoiblí, agus as sin guth a bheith acu ina dtodhchaí féin. Is iad na cearta seo nár saothraíodh gan dua bunchloch aon daonlathais agus luíonn siad go dlúth le haidhmeanna an Aontais Eorpaigh. (Foinse: an Coimisiún Eorpach)

Tá an daonlathas ar cheann de na croí-luachanna ar ar tógadh an tAontas Eorpach. Mar sin féin, ní féidir talamh slán a dhéanamh den daonlathas. Ní mór é a chothú i gcónaí; caithfidh saoránaigh páirt ghníomhach a ghlacadh sna próisis dhaonlathacha atá ar fáil dóibh. Chuige sin, ní mór dóibh na próisis sin a thuiscint. Cé go mbeidh a fhios ag formhór na scoláirí go mbíonn toghcháin ann d'fheisirí Pharlaimint na hEorpa, tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios acu freisin gur féidir leo athruithe a dhéanamh maidir le saincheisteanna a gcreideann siad go diongbháilte iontu trí uirlisí eile mar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, ceart tábhachtach AE a tugadh isteach le Conradh Liospóin in 2009.

Tionscnamh comhoibríoch atá sa tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, toisc go gceanglaíonn sé ar shaoránaigh oibriú ní hamháin le daoine atá ar aon intinn leo féin ina dtír féin, ach freisin tacaíocht a fháil ar fud roinnt Ballstát. Mar sin, is ceacht mar gheall ar chomhar, eagrú, áitiú agus diongbháilteacht an tionscnamh Eorpach ó saoránaigh.

**Cad atá sa mhodúl oideachais?**

Ceithre aonad théamacha atá sa mhodúl, agus fócas difriúil i ngach ceann acu, ag dul ó fhaisnéis níos ginearálta faoin Aontas Eorpach go faisnéis agus gníomhaíochtaí sonracha a bhaineann leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, mar a leanas:

1) Réamhrá gairid maidir leis an Aontas Eorpach
2) An Daonlathas san Aontas Eorpach
3) An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh
4) Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a fhorbairt agus a chur chun cinn

Gheofar na hábhair seo a leanas sa mhodúl:

- Pacáiste an Mhúinteora don mhúinteoir, lena n-áirítear treoracha maidir le gach ceacht, eochair freagraí, agus eolas breise agus naisc le haghaidh taighde breise.
- Pacáiste do Mhic Léinn a úsáidfear d'obair ranga agus d'obair bhaile i bhfoirm dul siar agus taighde breise. Cuirtear naisc ar fáil chuig láithreáin ábhartha idirlín i ngach teanga oifigiúil AE.
- Léirithe PowerPoint lena n-úsáid sa rang, lena n-áirítear téacs agus físeán (roghnach).
- Naisc chuig comhaid físeáin. Tá gach físeán a úsáidtear sa mhodúl ar fáil i ngach teanga oifigiúil AE.
- Bileog fíricí chun stair an Aontais Eorpaigh a thaiscéaladh tuilleadh.
- Bileog fíricí ar réimsí gníomhaíochta AE.
- Tráth na gCeist clabhsúir

**Conas ar chóir an modúl a mhúineadh?**

Ceapadh an modúl lena úsáid ar shlí sholúbtha. Cé go bhfuil sé eagraithe ina cheithre aonad théamacha, tá lánchead agat an t-ábhar a chur in oiriúint do do chomhthéacs teagaisc (méid an ranga, trealamh, uaireanta atá ar fáil, etc.). Tabhair do d'aire gur áis tagartha amháin na ranna faisnéise breise sa Phlean Ceachta. Is féidir gníomhaíochtaí taighde a thabhairt mar obair bhaile nó a dhéanamh mar chuid den cheacht má tá an t-am agus an trealamh ann chuige.

Mura bhfuil go leor ama ar fáil, is féidir an buneolas a chlúdach i gceithre cheacht. Má bhíonn níos mó ama ar fáil, tá go leor réimsí ann ar féidir iad a iniúchadh agus a phlé ar bhealach níos doimhne nó a sholáthraíonn bunús le haghaidh obair thionscadail. Tá gníomhaíocht roghnach bunaithe ar thionscadail ar fáil ag deireadh gach modúil.

**Cad iad na cineálacha cur chuige modheolaíochta a úsáidtear sa mhodúl?**

Tá an t-ábhar deartha le gur féidir é a chur i láthair ar bhealaí difriúla:

- Léiriú díreach
- Grúp-phlé
- Grúp-obair
- Obair thionscadail
- Staidéar aonair
- Obair thaighde
- Réiteach fadhbanna
- Ról-imirt
- Scannánaíocht

Tá cead agat, áfach, aon chur chuige eile a úsáid a cheapann tú a chuideoidh le scoláirí an t-eolas atá clúdaithe sna haonaid a thuiscint agus a choinneáil.

**Téarmaíocht**

Cé go ndearnadh gach iarracht an tsaintéarmaíocht a úsáid a laghad is féidir, ní mór coincheapa áirithe a thabhairt isteach le gur féidir iad a phlé. Gheofar cabhair leis na téarmaí a úsáideann an tAontas Eorpach anseo: https://eur-lex.europa.eu/summary/glossary.html?locale=ga. Féach gur féidir leat do rogha teanga oifigiúil a roghnú

# AONAD 1: Réamhrá gairid maidir leis an Aontas EorpachPLEAN CEACHTA

| AIDHMEANNA AGUS CUSPÓIRÍ: | FOGHLAIMEOIDH NA SCOLÁIRÍ: |
|---|---|
| • Luachanna AE a aithint<br>• Réamheolas ar an Limistéar Schengen agus ar an margadh aonair Eorpach<br>• Réimsí gníomhaíochta AE a aithint | • An difríocht a dhéanann an tAontas dá saoil i gcoitinne<br>• Go bhfuil réimsí inniúlachta ar leith ag an Aontas a imríonn tionchar ar a saol laethúil |
| **CLEACHTFAIDH NA SCOLÁIRÍ:** | **NA hÁBHAIR IS GÁ:** |
| • Scileanna taighde<br>• Conas an láithreán gréasáin Europa a úsáid<br>• Plé/comhroinnt faisnéise | • PowerPoint Aonad 1<br>• Físeáin 1-3 |

## *Céimeanna an Cheachta*

### CAD IS EOL DÚINN FAOIN AONTAS EORPACH?

1) Scríobh na litreacha 'AE' ar an gclár. Iarrtar ar na scoláirí focail nó frásaí gearra a shamhlaíonn siad leis an Aontas Eorpach a ghlaoch amach. Scríobh ar an gclár i bhfoirm néil iad. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh le feidhmchlár cosúil le Mentimeter (roghnach).

2) Spreag an rang chun cúpla nóiméad a chaitheamh ag machnamh ar a bhfuil ráite acu m.sh. an dearcadh dearfach/diúltach é san iomlán, dar leat? Cad leis a shamhlaíonn na scoláirí an tAontas Eorpach?

### BUNTREOIR GHEARR DON AONTAS EORPACH

3) Seinn Físeán 1 (**sleamhnán PowerPoint 2**). Taispeántar san fhíseán seo na príomhrudaí atá bainte amach ag an Aontas Eorpach. Fiafraigh de na scoláirí cibé an aithníonn siad aon cheann díobh, nó an féidir leo iad a oibriú amach.

Samplaí: An Cór Dlúthpháirtíochta (daoine óga ag cabhrú le pobail); teifigh ; daonlathas ; dlúthpháirtíocht (Charlie Hebdo); Duais Nobel na Síochána; cruthú an Aontais Eorpaigh; athaontú na Gearmáine; Conradh na Róimhe (1957) lenar bunaíodh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa.

4) Mínigh gur tógadh an tAontas Eorpach ar shraith conarthaí a gcloíonn gach ballstát leo. Sainíonn siad na cuspóirí agus na luachanna a d'fhormhuinigh na comhaltaí go léir, chomh maith leis na réimsí inar féidir leis an Aontas Eorpach gníomhú. Treoraigh na scoláirí chuig leathanach 26 i b**Pacáiste An Scoláire.** Beidh sé seo úsáideach mar obair bhaile do na scoláirí nó d'fhéadfaí é a úsáid mar thopaic i gceacht ar leith, más mian leat.

## LUACHANNA AE

5) Seinn Físeán 2 (**sleamhnán PowerPoint 3**). Leagtar amach san fhíseán seo sé luach an Aontais Eorpaigh.

> Tá an tAontas bunaithe ar na luachanna seo a leanas: urraim ar dhínit an duine, saoirse, daonlathas, comhionannas, an smacht reachta agus cearta an duine, lena n-áirítear cearta daoine ar cuid de mhionlaigh iad. Is comhluachanna de chuid na mBallstát iad i sochaí ina bhfuil an t-iolrachas, an neamh-idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir i réim.'
>
> Airteagal 2 de Chonradh Liospóin

6) Taispeáin **sleamhnán PowerPoint 4**. Mura bhfuil PowerPoint in úsáid agat, iarr ar na daltaí **Pacáiste An Scoláire** a oscailt ar lch 1.

7) Mínigh go bhfuil sé chroí-luach ag an Aontas Eorpach ar a bhfuil gach beartas agus gníomh AE bunaithe.

8) Úsáid na sé luach ar an PowerPoint nó scríobh an méid seo a leanas ar an gclár:
   a) Dínit an duine
   b) Saoirse
   c) Daonlathas
   d) Comhionannas
   e) An smacht reachta
   f) Cearta an duine

Iarr ar na daltaí **Pacáiste An Scoláire** a oscailt ar leathanach 1.. Ansin, déan grúpaí beaga den rang. Iarr ar gach grúpa na luachanna a rangú san ord a shocraíonn siad féin. Ba chóir dóibh a bheith in ann a dtuairim a chosaint agus an luach a shainmhíniú. Úsáid na nótaí thíos mar chabhair. Meabhraítear duit nach bhfuil a leithéid de rud ann agus an t-ord 'ceart'.



An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

# CROÍ-LUACHANNA AN AONTAIS EORPAIGH

## DÍNIT AN DUINE

Is é coincheap dhínit an duine an creideamh go bhfuil luach ar leith ag gach duine de bhrí gur duine daonna é nó í agus ar an mbonn sin amháin. Níl baint ar bith aige lena n-aicme, a gcine, a n-inscne, a reiligiún, a gcumas, nó aon toisc eile seachas iad a bheith ina ndaoine.

Tugann dínit an duine údar maith do chearta an duine. Nuair a roinntear daoine agus nuair a thugtar luach dóibh bunaithe ar shaintréithe cosúil le haicme, inscne, reiligiún, agus mar sin de, cruthaíonn sé sochaithe éagothroma ina n-imíonn an t-idirdhealú ó smacht. Faigheann daoine a fhaigheann luach níos airde cóireáil fhabhrach. Is féidir aon duine nach bhfaigheann áit sa chatagóir faoi phribhléid a thréigean nó a chur faoi chois.

## SAOIRSE

Tugann saoirse gluaiseachta an ceart do shaoránaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse laistigh den Aontas. Cosnaítear saoirsí aonair amhail meas ar an saol príobháideach, saoirse smaoinimh, reiligiúin, tionóil, cainte agus faisnéise faoi Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais.

## DAONLATHAS

Feidhmíonn an tAontas ar an daonlathas ionadaíoch agus rannpháirteach. Is ionann bheith i do shaoránach Eorpach agus cearta polaitiúla a bheith agat. Tá an ceart ag gach saoránach AE fásta seasamh mar iarrthóir agus vótáil i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa. Tá sé de cheart ag saoránaigh AE seasamh mar iarrthóirí agus vótáil ina dtír chónaithe, nó ina dtír thionscnaimh. Is féidir le saoránaigh tionchar a imirt go díreach ar bheartas AE trí uirlisí amhail an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh.

## COMHIONANNAS

Is éard is comhionannas ann cearta comhionanna a bheith ag gach saoránach os comhair an dlí. Tá prionsabal an chomhionannais idir mná agus fir mar bhonn agus mar thaca le gach beartas Eorpach agus is bonn é don lánpháirtíocht Eorpach. Baineann sé le gach réimse. Tháinig prionsabal an phá chomhionann as obair chomhionann chun bheith ina chuid de Chonradh na Róimhe i 1957.

## AN SMACHT REACHTA

Tá an tAontas Eorpach bunaithe ar an smacht reachta. Bíonn gach rud a dhéanann an tAontas bunaithe ar chonarthaí, arna gcomhaontú go deonach agus go daonlathach ag tíortha AE. Is iad breithiúna neamhspleácha a chuireann an dlí agus an ceartas i bhfeidhm. Thug tíortha an Aontais dlínse deiridh don Chúirt Bhreithiúnais agus ní mór do chách a breithiúnais a urramú.

## CEARTA AN DUINE

Is é Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais a chosnaíonn cearta an duine. Clúdaíonn siad seo an ceart chun a bheith saor ó idirdhealú ar bhonn gnéis, bunús ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, an ceart chun do shonraí pearsanta a chosaint, agus an ceart chun rochtain a fháil ar cheartas.

https://ec.europa.eu/component-library/eu/about/eu-values/

9) Iarrtar ar ghrúpaí a bpríomhroghanna agus na cúiseanna leo a chomhroinnt leis an rang. Lig do gach grúpa a gcuid smaointe a chur i láthair go gonta agus tabhairt cúpla nóiméad dóibh ansin chun iad a phlé.


## LIMISTÉAR SCHENGEN

10) Fiafraigh de na scoláirí cé acu (más ann) de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh ar thug siad cuairt orthu, fiafraigh ansin ar thug aon duine acu cuairt ar thíortha lasmuigh den Aontas. Iarr ar na scoláirí na heispéiris seo a chur i gcomparáid. Spreag na scoláirí le smaoineamh ar a éasca a bhí sé an teorainn a thrasnú, an fad a chaith siad ann, riachtanais víosa agus mar sin de.

Ráthaítear le Limistéar Schengen saorghluaiseacht do níos mó ná 400 milliún saoránach AE, agus do náisiúnaigh neamh-AE a chónaíonn san AE nó a thugann cuairt ar an AE mar thurasóirí, mic léinn malairte nó chun críocha gnó (aon duine atá i láthair san Aontas go dleathach).

11) Taispeáin **sleamhnán PowerPoint 5**. Mura n-úsáideann tú an PowerPoint, breac 'Limistéar Schengen' ar an gclár.

12) Iarr ar na daltaí na tíortha Schengen ar fad ar féidir leo smaoineamh orthu a scríobh i b**Pacáiste An Scoláire** (lch 2). Taispeáint **sleamhnán PowerPoint 6** ansin. Mura n-úsáideann tú an PowerPoint, léigh na freagraí ón mbosca eolais.





An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

Baill Limistéar Schengen (Eanáir 2023):

An Bheilg, an Chróit, an Danmhairg, an Eastóin, an Eilvéis, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Iorua, an Íoslainn, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Spáinn, an tSeicia, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an tSualainn, an Ungáir, Lichtinstéin, Lucsamburg agus Málta.

Is baill is iarrthóra i gcónaí iad an Rómáin, an Bhulgáir agus an Chipir (amhail Eanáir 2023). Roghnaigh Éire gan dul isteach sa chomhaontú.

https://home-affairs.ec.europa.eu/policies/schengen-borders-and-visa/schengen-area_ga

## AN MARGADH AONAIR AGUS AN TAONTAS CUSTAM

13) Seinn Físeán 3 (**sleamhnán PowerPoint 7**). Mínítear san fhíseán buntáistí an mhargaidh aonair.

14) Gabh chuig **sleamhnán PowerPoint 8** nó scríobh ar an gclár: Earraí, Caipiteal, Seirbhísí, Daoine. Mínigh go bhfuil saorghluaiseacht ann dóibh seo go léir laistigh den mhargadh aonair.

15) Déan ceithre ghrúpa den rang agus tabhair saoirse amháin do gach grúpa. Tabhair cúpla nóiméad do na grúpaí chun smaoineamh ar na buntáistí a bhaineann leis na saoirsí seo ó thaobh a) an ghnó agus b) shaoránaigh AE. Iarr orthu smaoineamh ar shlite ina ndeachaigh sé chun sochair dóibhsean.

Saorghluaiseacht earraí

Ciallaíonn saorghluaiseacht earraí nach bhfuil aon dleachtanna custam ná srianta cainníochtúla idir na Ballstáit. Ciallaíonn sé seo go bhfuil soláthraithe saor chun a gcuid earraí a dhíol ar fud an Aontais gan aon teorainneacha, rud a chuireann ar a gcumas a ngnó a leathnú. Tá cead ag tomhaltóirí ceannach ón Aontas ar fad agus an margadh is fearr a lorg.

Ciallaíonn caighdeánú ar fud an Aontais gur féidir le tomhaltóirí a bheith cinnte go ndéantar táirge a cheannaítear ó Bhallstát ar bith de réir na n-íoschaighdeán céanna, ó thaobh feidhmíochta agus sábháilteachta de. Bíonn a gcearta tomhaltóra faoi chosaint, leis, is cuma cá háit san Aontas a gceannaíonn siad.

https://www.europarl.europa.eu/factsheets/ga/sheet/38/free-movement-of-goods

Saorghluaiseacht caipitil

Cuireann saorghluaiseacht caipitil ar chumas na saoránach go leor oibríochtaí a dhéanamh thar lear, amhail cuntais bhainc a oscailt, scaireanna a cheannach i gcuideachtaí nach cuideachta intíre í, infheistiú san áit a bhfaighfear an toradh is fearr agus maoin a cheannach.

Is ceadmhach do chuideachtaí infheistiú i gcuideachtaí Eorpacha eile agus úinéireacht a bheith acu orthu agus páirt ghníomhach a ghlacadh ina mbainistíocht. Is féidir leo airgead a bhailiú freisin, mar shampla iasachtaí, san áit is saoire iad.

https://ec.europa.eu/info/business-economy-euro/banking-and-finance/financial-markets/capital-movements_ga

Saorghluaiseacht seirbhísí

Is ceadmhach do ghairmithe agus do chuideachtaí a gcuid seirbhísí a sholáthar áit ar bith san Aontas, go sealadach nó go buan. Le go dtarlódh sé sin, tá an tAontas ag obair chun é a dhéanamh níos éasca cáilíochtaí a aithint ar fud an Aontais.

Mar shampla, déantar tairiscintí rialtais do sheirbhísí (le roinnt eisceachtaí) a fhógairt ar fud an Aontais anois, rud a ligeann do chuideachtaí/cuibhreannais áit ar bith laistigh den Aontas tairiscint a chur isteach. Tugann sé seo acmhainneacht ioncaim do na cuideachtaí agus ceadaíonn sé do na rialtais an tairiscint is tairbhí a roghnú ó raon níos leithne.

https://www.europarl.europa.eu/factsheets/ga/sheet/40/freedom-of-establishment-and-freedom-to-provide-services

Saorghluaiseacht daoine

Tá sé de cheart ag saoránaigh AE bogadh go dtí aon tír AE chun cur fúthu ann, dul i mbun oibre nó staidéir ann, post a chuardach nó dul ar scor. Is féidir leo fanacht i dtír AE eile ar feadh suas le 3 mhí gan chlárú ann ach seans go mbeidh orthu a láithreacht a thuairisciú. Ní gá ach cárta aitheantais náisiúnta nó pas a bheith agat. Má fhanann siad níos faide ná 3 mhí, ní mór dóibh a láithreacht a chlárú. Is éard atá i gceist le saoirse gluaiseachta d'oibrithe ná deireadh a chur le haon idirdhealú bunaithe ar náisiúntacht maidir le fostaíocht, luach saothair agus coinníollacha eile oibre agus fostaíochta. Ina theannta sin, sonraítear san Airteagal seo go bhfuil an ceart ag gach oibrí AE glacadh le tairiscint poist a dhéantar, bogadh faoi shaoirse laistigh den tír, fanacht chun críche fostaíochta agus fanacht ann ina dhiaidh sin faoi choinníollacha áirithe.

https://europa.eu/youreurope/citizens/residence/residence-rights/index_en.htm#eu-citizen

https://www.europarl.europa.eu/factsheets/en/sheet/41/free-movement-of-workers

## RÉIMSÍ GNÍOMHAÍOCHTA

16) Taispeáin **sleamhnán PowerPoint 9** nó iarr ar na daltaí féachaint ar an leathanach fíricí ar lch 30 de **Pacáiste An Scoláire**.

Ní féidir leis an Aontas Eorpach gníomhú ach amháin sna réimsí sin ina bhfuil na Ballstáit údaraithe chun déanamh amhlaidh, trí chonarthaí AE.

17) Iarr ar na daltaí freagra a thabhairt i b**Pacáiste An Scoláire** (lch 3) maidir le cén réimse gníomhaíochta a dtagann na gnéithe seo a leanas faoi:

1. Faigheann tú ráthaíocht dhá bhliain ar a laghad nuair a cheannaíonn tú ríomhaire glúine nua. (Cosaint tomhaltóirí)
2. Faigheann tú cúiteamh, má chuirtear moill fhada ar d'eitilt, nó má chealaítear í. (Iompar)
3. Aithnítear cáilíochtaí a fuair tú i dtír AE amháin i dtíortha AE eile. (Margadh Aonair)
4. An t-íosmhéid 20 lá saor gach bliain d'fhostaí lánaimseartha. (Fostaíocht agus gnóthaí sóisialta)
5. An t-uaslíon trosc a cheadaítear d'iascairí a ghabháil. (Iascaigh)
6. An méid fuinnimh (gás/leictreach) a chaithfidh teacht ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, amhail fuinneamh na gréine agus fuinneamh gaoithe. (Fuinneamh)
7. Uasmhéid na gcáithníní mín a cheadaítear a bheith san aer. (Comhshaol).

Sonraíonn na conarthaí cé acu ar ceadmhach dóibh dlíthe a rith i réimsí ar leith: an AE, rialtais náisiúnta, nó an dá cheann. Mínigh go bhfuil leibhéil éagsúla inniúlachta ag an Aontas:

Trí leibhéal inniúlachta atá ag an Aontas **(sleamhnán PowerPoint 9)**:

a) Inniúlacht eisiach, i gcás ina bhféadfaidh an tAontas amháin reachtaíocht a rith, agus na Ballstáit amháin a chuireann chun feidhme. (e.g. an tAontas Custam, rialacha iomaíochta don mhargadh aonair, beartas airgeadaíochta do thíortha an limistéir euro)

b) Inniúlacht roinnte, nuair is féidir leis na Ballstáit reachtaíocht a dhéanamh agus bearta atá ceangailteach ó thaobh dlí a ghlacadh mura bhfuil sin déanta ag an Aontas. (e.g. talmhaíocht, iascaigh, comhshaol, cosaint tomhaltóirí, iompar, fuinneamh etc.)

c) Tacú le hinniúlacht, i gcás ina nglacann an tAontas bearta chun tacú le beartais na mBallstát nó chun iad a chomhlánú. (m.sh., sláinte an duine, tionscal, cultúr, turasóireacht, oideachas, gairmoiliúint, an óige agus spórt, cosaint shibhialta, comhar riaracháin a chosaint agus a fheabhsú) (**sleamhnán PowerPoint 10**)

https://eur-lex.europa.eu/EN/legal-content/summary/division-of-competences-within-the-european-union.html

## CRÍOCH A CHUR LEIS AN GCEACHT

18) Cinntigh go dtuigeann na daltaí a bhfuil le déanamh acu don obair bhaile i b**Pacáiste An Scoláire** (lgh. 5-7).

19) Chun an seisiún a chríochnú, iarr ar na scoláirí machnamh a dhéanamh agus ansin plé gairid a dhéanamh ar an eolas a d'fhoghlaim siad den chéad uair le linn an cheachta.

## GNÍOMHAÍOCHT ROGHNACH

Don chéad cheacht eile, iarr ar na scoláirí nóta a dhéanamh de na rudaí a fheiceann siad ina saol laethúil a raibh tionchar ag reachtaíocht AE orthu. Roinneann na scoláirí an méid a fhaigheann siad ag tús an chéad aonaid eile.

Eochair freagraí d'Athbhreithniú Ceachta Aonad 1

Ex. 1) 1b, 2d, 3c, 4a, 5e
Ex. 2) I. b, II. e, III. c, IV. d, V. a
Ex. 3) Freagraí na scoláirí féin:
dínit, saoirse, daonlathas, comhionannas, an smacht reachta, cearta an duine.

Ex. 4)

a) F (An Eilvéis, Lichtinstéin, an Iorua, agus an Íoslainn)
b) T
c) F (Beidh ID fós ag teastáil uait ag aerfoirt, chun clárú in óstán, etc. Is iomaí tír, freisin, a éilíonn go n-iompródh daoine cineál éigin ID)
d) T (Níl aon cheann de na tíortha a bhfuil teorainneacha talún acu leis an nGréig ina mbaill de Schengen)
e) F (Ní dhéantar aon seiceálacha inimirce idir an Spáinn agus an Fhrainc ach oiread. Ach fiú má chuaigh siad go dtí an Fhrainc trí thír neamh-AE beidh víosa Schengen ag an gcara, atá bailí don Fhrainc).

Ex. 5)

a) Caipiteal/daoine
b) Seirbhísí/caipiteal
c) Earraí/caipiteal/bunaíocht
d) Earraí/caipiteal
e) Daoine

Ex. 6) Freagraí na scoláirí féin.

Ex. 7)

a) Comhroinnte
b) Ag tacú
c) Eisiach

# AONAD 2: An Daonlathas san Aontas

## *PLEAN CEACHTA*

| AIDHMEANNA AGUS CUSPÓIRÍ: | FOGHLAIMEOIDH NA SCOLÁIRÍ: |
|---|---|
| • Buneolas ar smaoineamh an daonlathais rannpháirtíochta<br>• Buneolas ar phríomhchomhlachtaí reachtacha AE<br>• Mínigh conas a dhéantar dlíthe AE<br>• Buneolas ar smaoineamh an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh | • Príomhinstitiúidí AE<br>• Conas a reachtaíonn an tAontas<br>• Conas is féidir leo tionchar a imirt ar bheartais AE |
| **CLEACHTFAIDH NA SCOLÁIRÍ:** | **NA hÁBHAIR IS GÁ:** |
| • Scileanna taighde<br>• Conas an láithreán gréasáin Europa a úsáid<br>• Eolas a phlé/a chomhroinnt | • PowerPoint Aonad 2<br>• Físeáin 4-6 |

## *Céimeanna an Cheachta*

1) Seiceáil an obair bhaile ón gceacht roimhe seo, lena n-áirítear léargais ón ngníomhaíocht roghnach má rinneadh é.

### BUNEOLAS

2) Scríobh an focal 'Daonlathas' ar an gclár. Fiafraigh de na scoláirí cén bhrí a bhaineann siad as an téarma. Lig do na scoláirí a bhfuil ar eolas acu faoi na hinstitiúidí daonlathacha ina dtír féin a phlé.

3) Taispeáin **sleamhnán PowerPoint 2**. Mínigh go bhfuil tú chun labhairt, i gceacht an lae inniu, ar dhá chineál éagsúla daonlathais: daonlathas ionadaíoch agus daonlathas rannpháirteach.

> Is éard is **daonlathas ionadaíoch** ann an fhoirm rialtais ina **dtoghann** daoine a n-ionadaithe (e.g., feisirí parlaiminte) a **údaraíonn** siad chun reachtaíocht a mholadh agus a rith thar a gceann.
>
> Tagraíonn **daonlathas rannpháirteach** do shásraí trína mbíonn **baint** ag saoránaigh le próisis **chinnteoireachta phoiblí**, rud a chomhlánaíonn an daonlathas ionadaíoch**.**

### NA COMHLACHTAÍ CINNTEOIREACHTA AE

4) Taispeáin **sleamhnán PowerPoint 3**. Mínigh go bhfuil trí phríomhinstitiúid ag an AE atá freagrach as reachtaíocht a mholadh agus a rith: an Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa, agus Comhairle an Aontais Eorpaigh.

5) Taispeáin **sleamhnán PowerPoint 4**. Buneolas ar an gCoimisiún Eorpach.

**Cad a dhéanann an Coimisiún Eorpach?**

**Déanann sé tograí maidir le dlíthe nua**

Is é an Coimisiún Eorpach an t-aon institiúid AE a bhfuil an ceart aige dlíthe a chur síos lena nglacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag Comhairle an Aontais Eorpaigh:

- lena gcosnaítear leasanna AE agus a shaoránaigh a chosaint ar shaincheisteanna nach féidir déileáil leo go héifeachtach ar an leibhéal náisiúnta
- lena bhfíoraítear na sonraí teicniúla trí dhul i gcomhairle le saineolaithe agus leis an bpobal

**Bainistíonn sé beartais AE & leithdháileann sé cistiú AE**

- socraíonn sé tosaíochtaí caiteachais AE, in éineacht leis an gComhairle agus leis an bParlaimint
- leagann sé amach buiséid bhliantúla lena bhformheas ag an bParlaimint agus ag an gComhairle
- maoirsíonn sé an tslí a gcaitear an t-airgead, faoi imscrúdú Chúirt na nIniúchóirí

**Forfheidhmíonn sé dlí AE**

- in éineacht leis an gCúirt Bhreithiúnais, cinntíonn sé go gcuirtear dlí AE i bhfeidhm i ngach ballstát

**Is ionadaí idirnáisiúnta é don Aontas Eorpach**

- labhraíonn sé thar ceann thíortha uile AE i bhforais idirnáisiúnta, go háirithe i réimsí an bheartais trádála agus na cabhrach daonnúla
- idirbheartaíonn sé comhaontuithe idirnáisiúnta thar ceann an Aontais

**Comhdhéanamh**

Soláthraíonn foireann de 27 Coimisinéir ceannaireacht pholaitiúil (duine amháin ó gach tír AE) – faoi cheannas Uachtarán an Choimisiúin, a chinneann cé a bheidh freagrach as na réimsí beartais éagsúla. An Chomhairle Eorpach a ainmníonn an tUachtarán (a dhéanann ionadaíocht thar ceann na gCeannairí Stáit nó rialtais ó gach tír) ag cur torthaí thoghcháin Pharlaimint na hEorpa san áireamh. Formheasann Parlaimint na hEorpa é/í ansin. Is iad a dtíortha féin a ainmníonn na comhaltaí eile agus téann siad trí nós imeachta formheasa a mbíonn an tUachtarán nua, Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Eorpach páirteach ann.

https://european-union.europa.eu/institutions-law-budget/institutions-and-bodies/institutions-and-bodies-profiles/european-commission_ga

6) Taispeáin **sleamhnán PowerPoint 5**. Buneolas ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

**Cad a dhéanann Comhairle an Aontais Eorpaigh?**

**Déanann sé dlíthe a chaibidliú agus a ghlacadh**
Is cinnteoir riachtanach AE é an Chomhairle.
Déanann sé achtanna reachtacha a idirbheartú agus a ghlacadh i bhformhór na gcásanna in éineacht le Parlaimint na hEorpa. Tá sé comhdhéanta d'airí ó gach tír AE.

**Comhordaíonn sé beartais na mBallstát**

Tá an Chomhairle freagrach as beartais na mBallstát a chomhordú i réimsí sonracha, amhail:

- beartais eacnamaíocha agus fhioscacha
- oideachas, cultúr, an óige agus spórt
- polasaí fostaíochta

**Forbraíonn sé comhbheartas eachtrach agus slándála AE**
Déanann an Chomhairle beartas eachtrach agus slándála AE a shainiú agus a chur chun feidhme ar bhonn treoirlínte arna leagan síos ag an gComhairle Eorpach. Áirítear leis seo, leis, cabhair forbartha agus daonnúil, cosaint agus trádáil AE.

**Tugann sé comhaontuithe idirnáisiúnta chun críche**
Soláthraíonn an Chomhairle an sainordú don Choimisiún chun idirbheartaíocht a dhéanamh ar son chomhaontuithe AE idir an tAontas agus tíortha nach bhfuil san Aontas agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. Ag deireadh na hidirbheartaíochta, cinneann an Chomhairle an síniú agus críoch an chomhaontaithe.

**Glacann sé buiséad AE**

Glacann an Chomhairle buiséad AE in éineacht leis an bParlaimint.

Clúdaíonn tréimhse an bhuiséid bliain féilire. Glactar leis de ghnáth i mí na Nollag agus tosaíonn sé an 1 Eanáir an bhliain dár gcionn.

https://www.consilium.europa.eu/en/council-eu/

7) Seinn Físeán 4 (**sleamhnán PowerPoint 6**) mar gheall ar thoghcháin AE. Fiafraigh de na scoláirí an bhfuil a fhios acu cé hé/hí an FPE áitiúil. Cathain a bhí na toghcháin deiridh ann? Cathain a bheidh na chéad toghcháin eile ann? An dóigh leo go bhfuil sé tábhachtach vóta a chaitheamh i dtoghcháin? Cén fáth/cén fáth nach ea?

8) Taispeáin **sleamhnán PowerPoint 7**. Buneolas ar Pharlaimint na hEorpa.

**Cad a dhéanann Parlaimint na hEorpa?**

**Reachtaíonn sé**

- Dlíthe AE a rith, in éineacht le Comhairle AE, bunaithe ar thograí an Choimisiúin Eorpaigh
- Comhaontuithe idirnáisiúnta a chinneadh
- Méaduithe a chinneadh
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chlár oibre an Choimisiúin agus iarraidh air reachtaíocht a mholadh

**Maoirsíonn sé**

- Scrúdú daonlathach ar institiúidí uile AE [bain úsáid as teanga shimplí anseo chun go mbeidh tuiscint níos fearr ag na scoláirí]
- Uachtarán an Choimisiúin a thoghadh agus an Coimisiún a fhormheas mar chomhlacht. An fhéidearthacht go ndéanfaí tairiscint cháinte a vótáil, a chuirfeadh iallach ar an gCoimisiún éirí as
- Urscaoileadh a dheonú, i.e., an bealach ar caitheadh buiséid AE a cheadú
- Achainíocha ó shaoránaigha scrúdú agus ceisteanna a leagan amach
- Beartas airgeadaíochta a phlé leis an mBanc Ceannais Eorpach
- An Coimisiún agus an Chomhairle a cheistiú
- Tuairimí ar thoghcháin

**Ullmhaíonn sé an buiséad**

- Buiséad AE a ghlacadh, in éineacht leis an gComhairle
- Buiséad fadtéarmach AE, an 'Creat Airgeadais Ilbhliantúil', a fhormheas

**Comhdhéanamh**

Bíonn toghcháin ann gach cúig bliana. Tá líon nabhFeisirí de Pharlaimint na hEorpa do gach tír ar cóimhéid, isteach is amach, lena daonra: ní féidir le tír ar bith níos lú ná seisear nó níos mó ná 96 Feisire Eorpach a bheith aici agus ní féidir leis an líon iomlán a bheith níos mó ná 705 (704 móide an tUachtarán). Grúpáiltear Feisirí Eorpacha de réir cleamhnacht pholaitiúil, agus ní de réir náisiúntachta.
Déanann an tUachtaránionadaíocht ar an bParlaimint d'institiúidí AE eile agus don domhan lasmuigh agus tugann sé an cead deiridh do bhuiséad AE.

https://european-union.europa.eu/institutions-law-budget/institutions-and-bodies/search-all-eu-institutions-and-bodies/european-parliament_ga

## PRÓISEAS DÉANTA DLÍTHE

9) Iarr ar na scoláirí an tslí a ritear dlíthe ina dtír féin a mhíniú. Mínigh, más gá:

10) Seinn Físeán 5 (**sleamhnán PowerPoint 8**), ina mínítear an tslí a ritear dlíthe san Aontas. Mínigh go gcinntíonn an chaoi a ndéanann an tAontas cinntí go gcuirtear tuairimí agus riachtanais na bpáirtithe go léir san áireamh: an tAontas Eorpach mar chomhlacht, Ballstáit aonair, agus saoránaigh na stát sin.

11) Taispeáin **sleamhnán PowerPoint 9**. Bain úsáid as an tsreabhchairt lena chinntiú gur thuig na scoláirí bunghnéithe an phróisis chinnteoireachta.

### *An Próiseas Déanta Dlíthe*

NB is cur síos simplithe é seo.

1. Molann an Coimisiún Eorpach dlíthe agus beartais ar a thionscnamh féin. Féadfaidh sé freagra a thabhairt, freisin, ar chuirí chuige sin ó:

- an Chomhairle Eorpach (ceannairí stáit nó rialtais gach tír AE)
- Comhairle an Aontais Eorpaigh (airí rialtais ó gach tír AE)
- Parlaimint na hEorpa (tofa go díreach ag saoránaigh AE)
- Na saoránaigh féin, tar éis tionscnamh Eorpach rathúil ó na saoránaigh

2. Téann an Coimisiún i gcomhairle le geallsealbhóirí agus le saoránaigh, agus ansin cuireann sé a thogra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh.
3. Ansin b'fhéidir go mbeidh babhta leasuithe/frithleasuithe ann.
4. Má aontaíonn Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh ar deireadh, glactar leis an togra.

Tagann roinnt gníomhartha (rialacháin agus cinntí) chun bheith ina gceangal go huathoibríoch ar fud an Aontais ar an dáta ar a dtagann siad i bhfeidhm. Ní mór do thíortha AE cinn eile (treoracha) a ionchorprú sa dlí náisiúnta. Déanann an Coimisiún faireachán ar cibé an gcuirtear dlíthe AE i bhfeidhm i gceart agus in am agus gníomhaíonn sé mura gcuirtear. Sa ról seo, tugtar 'caomhnóir na gconarthaí' ar an gCoimisiún.

https://commission.europa.eu/law/law-making-process_ga

https://www.europarl.europa.eu/about-parliament/ga/powers-and-procedures/legislative-powers

## BUNEOLAS AR AN TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH

An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

12) Seinn Físeán 6 (**sleamhnán PowerPoint 10**), ina dtugtar buneolas ar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh. Mínigh do na scoláirí gur bealach é tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh chun tionchar a imirt ar bheartas AE – cineál daonlathais rannphairtíochta.

Gheofar tuilleadh faisnéise faoin tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, ach úsáid a bhaint as an nasc thíos (tá an fhaisnéis ar fáil i dteangacha uile AE):

https://europa.eu/citizens-initiative/_ga

## CRÍOCH A CHUR LEIS AN GCEACHT

13) Cinntigh go dtuigeann na daltaí cad a chaithfidh siad a dhéanamh don chéad cheacht eile i b**Pacáiste An Scoláire** (lgh.13-15).

14) Sula n-imíonn siad, iarr ar na scoláirí dul ina mbeirteanna agus smaoineamh ar thrí cheist le cur ar a bpáirtí faoi ábhar an cheachta. Cuireann siad na ceisteanna ar a chéile agus freagraíonn siad iad.

## GNÍOMHAÍOCHT ROGHNACH

Cruthaíonn mic léinn suirbhé gairid dá gcomhghleacaithe scoile chun a fháil amach cé mhéad atá ar eolas acu faoin mbealach a bhfeidhmíonn an tAontas Eorpach agus cad as a bhfuil sé freagrach. Déanann siad anailís agus plé ar na torthaí sa rang.

Eochair freagartha le haghaidh Athbhreithniú ar Cheacht Aonad 2

Ex. 1) a. Cm Cn b. P c. Cm d. Cn e. P Cn f. Cm g. P h. P Cn

Ex. 2) a. 3 b. 1 c. 4 d. 6 e. 2 f. 5

Ex. 3) a. F (an Coimisiún amháin) b. F (an Parlaimint agus an Chomhairle) c. T d. T e. F (ar réimsí gníomhaíochta ina bhfuil inniúlacht aige agus iontu sin amháin)

# AONAD 3: An tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh

## *PLEAN CEACHTA*

| AIDHMEANNA AGUS CUSPÓIRÍ: | FOGHLAIMEOIDH NA SCOLÁIRÍ: |
|---|---|
| • Buneolas ar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh<br>• Spreag na scoláirí le smaoineamh ar cheisteanna atá tábhachtach dóibh féin agus a bheadh ábhartha ag leibhéal AE | • An bhrí atá leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh<br>• Na rialacha a ghabhann le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a rith<br>• Conas feachtas rathúil a eagrú |
| **CLEACHTFAIDH NA SCOLÁIRÍ:** | **NA hÁBHAIR IS GÁ:** |
| • Pleanáil<br>• Comhoibriú mar fhoireann<br>• Tobsmaointeoireacht<br>• Nascleanúint a dhéanamh ar láithreáin ghréasáin an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh agus Europa | • PowerPoint Aonad 3<br>• Físeáin 6 agus 7 |

## *Céimeanna an Cheachta*

1) Seiceáil an obair bhaile ón gceacht deiridh, lena n-áirítear na torthaí ón ngníomhaíocht roghnach más ann.

2) Ba cheart go n-ullmhódh na scoláirí chun na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:
   a) Cén aird a thugann tú ar oibriú an Aontais Eorpaigh? An leanann tú ar na meáin shóisialta/an nuacht iad?
   b) An dóigh leat go ndéantar cinntí an Aontais Eorpaigh ar shlí dhaonlathach?
   c) An bhfuil slite ann ina bhféadfaí an tAontas Eorpach a dhéanamh níos daonlathaí?

Fág am leis na nithe seo a phlé.

### AN TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH – NA CÉIMEANNA

3) Agus **Pacáiste An Scoláire** dúnta, fiafraigh de na daltaí cad is cuimhin leo faoin ECI ón gceacht deiridh. Seinn Físeán 6 athuair ansin (**sleamhnán PowerPoint 2**).

Na príomhchéimeanna

1. Aimsigh seisear daoine eile ó shé thír AE eile, a cháilíonn chun vótáil i dtoghcháin Eorpacha, chun foireann a dhéanamh in éineacht leat.
2. Sainmhínigh do chuspóir agus iarr ar an gCoimisiún an tionscnamh a chlárú.
3. Tar éis cinneadh dearfach, foilseofar an tionscnamh ar an láithreán gréasáin.
4. Bailigh milliún síniú ó 7 dtír AE ar a laghad laistigh de 12 mhí (ar líne nó ar pháipéar).
5. Faigh fíorú ó údaráis náisiúnta do na ráitis tacaíochta.
6. Cuir do thionscnamh isteach chuig an gCoimisiún.
7. Cruinniú leis an gCoimisiún.
8. Éisteacht phoiblí ag Parlaimint na hEorpa.
9. Freagra ón gCoimisiún Eorpach.
10. Iarobair ón gCoimisiún ar bhearta molta, más cuí.

Gheofar tuilleadh sonraí anseo: https://europa.eu/citizens-initiative

4) Fiafraigh cad iad na céimeanna is gá chun tionscnamh a chruthú. Lig dóibh freagraí a thabhairt, ansin taispeáin **sleamhnán PowerPoint 3** nó iarr ar na daltaí **Pacáiste An Scoláire** a oscailt ar lch 16.

## CAD IAD NA COMHARTHAÍ GO BHFUIL AG ÉIRÍ LE TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH?

5) Mar chuid dá gcuid obair bhaile, iarradh ar na scoláirí na rudaí seo a leanas a ullmhú: *Gabh chuig https://europa.eu/citizens-initiative. Aimsigh tionscnamh a mbeifeá sásta tacú leis. Don chéad cheacht eile, bí réidh le míniú cén fáth a dtacófá leis an tionscnamh seo?* Iarr ar na scoláirí go léir (nó roghnaigh roinnt acu) an méid a bheartaigh siad a roinnt leis an rang.

6) Fiafraigh den rang an mbeidís sásta tacú leis na tionscnaimh go léir atá luaite. An bhfuil aon cheann ann nach bhféadfaidís tacú leis? Cén fáth?

7) Fiafraigh den rang cad a dhéanann tionscnamh maith ó na saoránaigh. Iarr orthu smaoineamh, i dtéarmaí ginearálta, ar na gnéithe a bheadh i gceist le tionscnamh maith ó na saoránaigh.

Freagraí molta:

- Caithfidh gur rud é a théann i bhfeidhm/ar cheist é i bhformhór thíortha AE.
- Caithfidh gur ábhar é a chuirfeadh líon mór daoine spéis ann.
- Caithfidh gur rud é ar féidir reachtaíocht a rith ina leith (seachas ceist mhorálta amháin).
- Ba cheart gníomh sonrach a iarraidh (ní amháin 'rud éigin a dhéanamh').
- Ba cheart go mbeadh ceangal soiléir idir an méid atá á iarraidh ar an gCoimisiún agus an réiteach ar an gceist.

8) Seinn físeán 7 (**sleamhnán PowerPoint 4**).

9) Taispeáin **sleamhnán PowerPoint 5** nó iarr ar na daltaí dul go dtí lch. 30 i b**Pacáiste An Scoláire**. Déan grúpaí de thriúr nó ceathrar den rang. Mínigh nach mór tionscnaimh a bheith laistigh de cheann de réimsí gníomhaíochta AE ar féidir leis an gCoimisiún togra le haghaidh gnímh dhlíthiúil a chur síos ina leith. Iarr ar gach grúpa smaoineamh amháin a thairiscint do thionscnamh a bheadh laistigh de cheann amháin de na réimsí gníomhaíochta. Tabhair am le haghaidh díospóireachta agus ansin do gach grúpa aiseolas a thabhairt.

Samplaí de réimsí gníomhaíochta AE: Talmhaíocht agus cearta ainmhithe, Comhshaol agus aeráid, Sábháilteacht bia, Cúram sláinte, Cosaint tomhaltóirí, Cultúr agus na meáin, Oideachas, an óige agus spóirt, Fuinneamh, Neamh-idirdhealú, Cabhair dhaonnúil, Iompar.

Seiceáil na nithe seo, leis:
https://europa.eu/citizens-initiative/how-it-works/how-start-initiative-step-step/faq-eu-competences-and-commission-powers_ga

Le bheith cinnte cibé an féidir leis an gCoimisiún beart dlí a mholadh, ba chóir duit tagairtí sainiúla a chuardach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, féach na samplaí seo a leanas:

**AN CONRADH AR FHEIDHMIÚ AN AONTAIS EORPAIGH (LEAGAN COMHDHLÚITE)**

**CUID A TRÍ**
**BEARTAIS AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ INMHEÁNACHA AN AONTAIS**

**TEIDEAL XX**
**COMHSHAOL**

*Airteagal 192*

***(sean-Airteagal 175 CCE)***

1. Cinnfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún, an ghníomhaíocht a ghabhfaidh an tAontas ar láimh chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 191 a ghnóthú.

EUR-Lex - 12012E192 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

**12008E078**

**Leagan comhdhlúite den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh - CUID A TRÍ: BEARTAIS AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ INMHEÁNACHA AN AONTAIS - TEIDEAL V: AN LIMISTÉAR SAOIRSE, SLÁNDÁLA AGUS CEARTAIS - Caibidil 2: Beartais maidir le seiceálacha teorann, le tearmann agus le hinimirce - Airteagal 78 (sean-Airteagail 63(1) agus (2), agus 64(2) CCE)**

*Official Journal 115 , 09/05/2008 P. 0076 - 0077*

Airteagal 78

(sean-Airteagail 63(1) agus (2), agus 64(2) CCE)

3. I gcás Ballstát amháin nó níos mó a bheith i láthair staide éigeandála arb é a príomhthréith rabharta tobann de náisiúnaigh tríú tíortha as tír isteach, féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, bearta sealadacha a ghlacadh ar mhaithe leis an mBallstát nó leis na Ballstáit lena mbaineann. Gníomhóidh sí tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

---------------------------------------------------

EUR-Lex - 12008E078 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

https://eur-lex.europa.eu/legal-content/ga/TXT/PDF/?uri=OJ:C:2016:202:FULL&from=en#page=17

10) Cuir na smaointe ar an gclár agus iarr ar na scoláirí vóta a chaitheamh ar son smaoineamh amháin a dtacóidís uile (nó a bhformhór) leis.

11) Iarr ar na scoláirí dul isteach ina ngrúpaí arís. Ag cur nós imeachta an ECI san áireamh, iarr ar na scoláirí smaoineamh ar conas a leanfadh siad ar aghaidh leis an bhfeachtas seo, ag díriú ar (**sleamhnán PowerPoint 6):**

- Cén t-ainm a bheadh acu ar an bhfeachtas?
- Cad a dhéanfá chun comhpháirtithe a aimsiú i sé thír AE eile?
- Cad iad na rudaí a d'fhéadfadh airgead a chosaint ort?
- Conas a mbaileofá airgead do d'fheachtas?
- Conas a 'ndíolfá' do smaoineamh chun sínithe a fháil?
- Conas a tharraingeofá aird ó na meáin?

Is féidir le daltaí nótaí a dhéanamh i b**Pacáiste An Scoláire**

12) Tabhair an grúpa ar ais le chéile agus iarr aiseolas ó na scoláirí.

## CRÍOCH A CHUR LEIS AN GCEACHT

13) Seiceáil gurb eol do na scoláirí an méid atá le déanamh acu mar obair bhaile (lgh. 18-19).

## GNÍOMHAÍOCHT ROGHNACH

Cruthaíonn na scoláirí bosca moltaí nó déanann siad vótáil ar líne chun a fháil amach cad iad na ceisteanna atá ag déanamh imní do scoláirí eile ina scoil ag leibhéal na hEorpa.

# AONAD 4: Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a fhorbairt agus a chur chun cinn

## *PLEAN CEACHTA*

| AIDHMEANNA AGUS CUSPÓIRÍ: | FOGHLAIMEOIDH NA SCOLÁIRÍ: |
|---|---|
| • Go gcruthódh na scoláirí a bhfeachtas féin<br>• Scileanna cumarsáide a thaiscéaladh | • Bunús na cumarsáide rathúla<br>• Feasacht ar an lucht éisteachta<br>• Conas feachtas rathúil a eagrú |
| **CLEACHTFAIDH NA SCOLÁIRÍ:** | **NA hÁBHAIR IS GÁ:** |
| • Pleanáil<br>• Ról-imirt<br>• Comhoibriú mar fhoireann<br>• Tobsmaointeoireacht<br>• Díriú ar fheachtas | • PowerPoint Aonad 4 |

## *Céimeanna an Cheachta*

### SEICEÁIL AN OBAIR BHAILE

1) Iarradh ar na scoláirí scrúdú a dhéanamh ar fheachtas a shíl siad a bhféadfaidís tacú leis. Gabh chuig **sleamhnán PowerPoint 2** nó scríobh na ceannteidil seo a leanas ar an gclár: Téacs, Pictiúir/físeán, Grafaic, Comhpháirtithe, Eile. Iarr ar na scoláirí cur síos go hachomair ar ghnéithe rathúla an fheachtais a roghnaigh siad agus iad a chur faoi na ceannteidil seo.

2) Fág dóthain ama le plé a dhéanamh ar na fáthanna a gceapann na scoláirí gur éirigh go maith leis na feachtais seo go ginearálta.

Smaoinigh ar
- Spéis ghinearálta a mhúscailt
- Praiticiúlacht
- Údair imní shóisialta/pholaitiúla/eacnamúla
- Réimsí gníomhaíochta AE

Chun feachtais rathúla a fheiceáil:
https://europa.eu/citizens-initiative/find-initiative_ga?STATUS%5B0%5D=ANSWERED

Chun feachtais atá ag feitheamh ar fhreagra a fheiceáil:
https://europa.eu/citizens-initiative/find-initiative_en?CATEGORY%5B0%5D=any&STATUS%5B0%5D=SUBMITTED&SECTION=ALL

3) Iarradh ar na scoláirí smaoineamh ar an bhfeachtas ar vótáil siad air in Aonad 3 agus conas a d'éireodh leo an feachtas sonrach seo trí ghníomh a dhéanamh ar líne agus as líne araon. Fág roinnt ama chun na smaointe a phlé mar rang.

Ba chóir go smaoineodh na scoláirí ar:

- Conas a n-aimseoidís daoine i dtíortha eile
- Rudaí a chosnódh airgead orthu.
- Conas a bhaileoidís an t-airgead.
- Cad iad na cainéil a d'úsáidfidís chun teagmháil a dhéanamh le daoine.
- Cé na daoine a ndéanfaidís teagmháil leo?

## CINEÁLACHA CUR CHUIGE I LEITH ÁITIÚ

4) Gabh chuig **sleamhnán PowerPoint 3** nó iarr ar na daltaí a b**Pacáiste An Scoláire** a oscailt ar lch 20. Mínigh go gcaithfimid áitiú ar dhaoine gur smaoineamh maith é an smaoineamh atá againn le go n-éireoidh le feachtas tacaíocht a fháil. Is féidir linn na ceithre chur chuige seo (nó meascán díobh) a úsáid chun cabhrú linn ár n-argóint a chumadh. Cé acu ceann a mbeadh an freagairt is dearfaí ag na scoláirí air, dar leo?

**Loighic:** An bhfuil ciall leis an smaoineamh? An bhfuil nasc díreach idir an gníomh a éilítear agus, mar shampla, feabhsuithe sa tsochaí/sa gheilleagar/sa saol laethúil/i gcúrsaí sláinte?

**Mothúcháin:** An saincheist í seo a mbíonn eagla ar dhaoine roimpi? Cén difríocht dhearfach a dhéanfaidh sé dóibh má réitítear an cheist? Cén difríocht a dhéanfaidh sé dóibh mura réitítear an cheist? An saincheist í a fhéadann daoine comhbhá a bheith acu léi? An rud é seo a thugann dóchas do dhaoine?

**Eitic:** An bhfuil ceist mhorálta anseo? An bhfuil an tsaincheist éagórach ó thaobh na moráltachta de? Ar chóir dúinn a bheith ag réiteach na ceiste díreach toisc gurb é an rud ceart é a dhéanamh (cé go bhféadfadh costas a bheith i gceist)?

**Creidiúnacht:** An bhfuil foinsí iontaofa ann a thacaíonn lenár moladh (eolaíocht, taighde, etc.)? An bhfuil daoine aonair/grúpaí ann a bhfuil meas againn orthu (agus a léirigh go bhfuil siad eolach) a ghlac seasamh den chineál céanna nó a bhfuil baint acu le gníomhú?

5) Iarr ar na scoláirí ceithre thionscnamh nó níos mó a d'fhéadfadh a bheith i gceist (cinn a tháinig siad suas sa cheacht deireanach nó cinn nua atá aimsithe acu) agus scríobh ar an gclár iad.

## ÁITIÚ A CHLEACHTADH

6) Déan beirteanna den rang, duine amháin mar A, agus an duine eile B.

7) Iarr ar na scoláirí a shamhlú go bhfuil siad lasmuigh d'ollmhargadh ag lorg tacaíochta do thionscnamh. Caithfidh scoláire A saincheist a roghnú ar loighic an cur chuige ab fhearr le tacú léi. Tá sé tábhachtach a rá nach gá do na scoláirí aontú i ndáiríre leis an bpointe atá á chosaint acu.

8) Tabhair cúpla nóiméad do Scoláire A lena chur ina luí ar Scoláire B cad chuige ar cheart dóibh tacú leis an tionscnamh. Caithfidh Scoláire B frithargóintí a sholáthar ansin; ní gá do Scoláire A freagra a thabhairt.

9) Malartaíonn na scoláirí róil anois agus caithfidh dalta B tionscnamh eile a roghnú agus é a chosaint trí úsáid a bhaint as argóintí mothúchánacha (mothúcháin). Caithfidh Scoláire A freagra a thabhairt.

10) Lean ort ag malartú ról chun eitic agus creidiúnacht a chlúdach ar an tslí chéanna.

11) Iarr ar an rang machnamh a dhéanamh ar cibé arbh é an cur chuige a bhí acu an ceann ab fhearr don tionscnamh a roghnaíodh. Conas d'éirigh leo, dar leo? Ar aimsigh na frithargóintí laigí sna hargóintí tacaíochta?

## FREAGAIRT DO FHRITHARGÓINTÍ

12) Cuir i gcuimhne do na scoláirí gur chóir dóibh smaoineamh ar níos mó ná cur chuige amháin a úsáid (loighic, mothúcháin, creidiúnacht, eitic) le go n-éireoidh le feachtas. Ba chóir dóibh machnamh a dhéanamh freisin ar fhithargóintí féideartha agus iarracht a dhéanamh iad a fhreagairt sula n-ardaítear iad.

13) Gabh chuig **sleamhnán PowerPoint 4** nó scríobh na nithe seo a leanas ar an gclár: 'Ba cheart dúinn cosc a chur ar úsáid lotnaidicídí sa talmhaíocht'.

14) Fanann na daltaí ina bpéirí nó malartaíonn siad páirtithe. Abair leis na scoláirí go mbeidh siad beirt ag imirt in aghaidh scoláirí dá n-aois féin. Ag baint úsáide as aon cheann de na cuir chuige thuas a mheasann siad a bheith cuí, ba chóir go dtacódh Scoláire A leis an ráiteas seo. Ba chóir do Scoláire B frithargóintí a aimsiú, más féidir.

15) Aistríonn na scoláirí róil anois, ach an uair seo is scoláire é B (ag argóint ar son an ráitis), agus is feirmeoir é A (ag déanamh frithargóintí).

16) Iarr ar na scoláirí machnamh a dhéanamh ar na frithargóintí a rinneadh. Ar athraigh siad nuair a thóg an scoláire a bhí in aghaidh an togra páirt feirmeora?

## TEACHT AR CHOMHTHUISCINT

17) Cuir in iúl do na scoláirí, má tá siad ag iarraidh an tacaíocht dhearfach is leithne is féidir a mhealladh don fheachtas, go gcaithfidh siad dul i bhfeidhm ar ghrúpaí éagsúla daoine a bhféadfadh ábhair imní éagsúla a bheith acu.

Tá sé ríthábhachtach rudaí i bpáirt a aimsiú agus dearcthaí éagsúla na bpáirtithe éagsúla lena mbaineann a thuiscint agus dlíthe AE á ndéanamh. Bainfidh sé seo freisin leis an smaoineamh don dlí a thionscain saoránaigh ag baint úsáide as tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh. Má éiríonn le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh 1 mhilliún síniú a bhailiú, agus má chinneann an Coimisiún togra dlí a chur ar aghaidh, beidh ar na comhreachtóirí, Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, teacht ar chomhréiteach. Sula ndéanfaidh sé reachtaíocht a mholadh, beidh ar an gCoimisiún tuairimí na bpáirtithe go léir a ndéanfar difear dóibh a bhreithniú; breithneoidh Feisirí na Parlaiminte an éifeacht ar na daoine agus ar na gnólachtaí ina dtoghcheantair; agus sa Chomhairle, breathnóidh ionadaithe gach tíre AE ar an tsaincheist ó leibhéal náisiúnta aonair, toisc go bhféadfaí tionchar níos mó nó tionchar difriúil a imirt ar thíortha seachas a chéile. Beidh ar na comhlachtaí seo go léir dul i mbun caibidlíochta agus comhréitigh má tá an tionscnamh le bheith ina dhlí.

18) Gabh chuig **sleamhnán PowerPoint** 5 nó scríobh iad seo a leanas ar an gclár: scoláire, tuismitheoir, duine den lucht gnó, polaiteoir.

19) Déan 4 ghrúpa den rang agus tabhair ceann de na teidil thuas do gach grúpa mar 'phearsa' a sheasann do ghrúpa daoine. Iarr ar na daltaí dul go dtí lch 21 i b**Pacáiste An Scoláire** agus nótaí a dhéanamh faoi na rudaí atá ag déanamh imní don phearsa seo agus cad a thugann mothú sábháilteachta dóibh.

20) Tabhair cúpla nóiméad do na scoláirí le plé a dhéanamh ina ngrúpaí agus ansin tabhair aiseolas don rang ar an méid a scríobh siad. Ba chóir scoláirí eile a spreagadh chun cur leis na liostaí má tá smaointe eile acu.

21) Iarr ar gach grúpa tionscnamh a roghnú a chuirfidh siad chun cinn dá bpearsa. Cé na meáin a d'úsáidfidis? Cén cur chuige nó cuir chuige ab fhearr?

## CRÍOCH A CHUR LEIS AN GCEACHT

22) Mínigh do na scoláirí go bhfuil siad chun físeán a chruthú, dá dtasc deiridh, lena gcuirfear tionscnamh chun cinn ar mhaith leo é a fheiceáil ina dhlí AE. Seo a leanas na rialacha.

- Ba chóir dóibh oibriú i ngrúpaí de thriúr nó ceathrar.
- Ba chóir dóibh cinneadh a dhéanamh ar shaincheist a cheapann siad a dhéanfadh tionscnamh maith. Is féidir leo ceann a pléadh sa rang a úsáid nó ceann eile a roghnú.
- Ba chóir dóibh físeán a dhéanamh ag tacú lena dtogra, nár cheart a bheith níos faide ná trí nóiméad.
- Is féidir leo ról carachtair a thógáil san fhíseán.
- Más mian leo, is féidir leo ceol agus/nó grafaicí a chur san fhíseán.
- Ba chóir dóibh a chinntiú go bhfuil cead acu áiteanna nó daoine eile a chur sa scannán.
- Ba chóir go mbeadh liosta creidiúintí ann ina ndeirtear cé a bhí freagrach as cén chuid den tionscadal.

Tabhair beagán ama do na scoláirí chun iad féin a eagrú ina ngrúpaí agus cinneadh a dhéanamh ar thionscnamh.

Má bhíonn an t-am ann chuige, is féidir na físeáin a thaispeáint sa chéad cheacht eile. Mura bhfuil, is féidir físeáin a uaslódáil ar ardán comhoibríoch atá á úsáid ag an scoil. Ba chóir scoláirí a spreagadh chun aiseolas dearfach a sholáthar ar bhonn na gceisteanna a pléadh le linn na gceachtanna seo. Más mian, is féidir le scoláirí vótáil don fhíseán is fearr (ní féidir leo vótáil dá gcuid féin).

## GNÍOMHAÍOCHT ROGHNACH

Samhlaíonn mic léinn roghnaithe go bhfuil siad ag éisteacht de chuid Pharlaimint na hEorpa chun a dtionscnamh a chur i láthair. Tógann scoláirí eile páirt fheisirí de chuid Pharlaimint na hEorpa as tíortha éagsúla agus páirtithe/sainghrúpaí polaitíochta. Féadfaidh siad ceisteanna a chur agus cinneadh a dhéanamh ansin an mbeadh siad i bhfabhar an tionscnaimh.

Gheofar taifeadadh d'fhíor-éisteacht thíos. Is féidir an teanga a athrú ach cliceáil ar an tsiombail 'nóta':

https://multimedia.europarl.europa.eu/ga/webstreaming/agri-envi-committee-meeting_20230124-1430-COMMITTEE-ENVI-AGRI

# Tráth na gCeist Clabhsúir

1. Cé mhéad saoránach AE is gá chun tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a sheoladh?
    a. 3 shaoránaigh AE
    b. 5 shaoránaigh AE atá ina gcónaí in aon Bhallstát
    c. 7 saoránaigh AE atá ina gcónaí i 7 mBallstát AE dhifriúla
    d. Níl aon íosriachtanas ann

2. An féidir leat tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a sheoladh ar aon ábhar atá tábhachtach duit agus ar mian leat go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach beart ina leith?
    a. Sea, is féidir aon ábhar a roghnú
    b. Ní féidir, tá teorainneacha ann

3. Cé atá in ann tacú le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh?
    a. Saoránaigh AE ó 18 mbliana d'aois.
    b. Saoránaigh an AE atá fásta go leor chun vótáil i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa – nó atá 16 bliana d'aois ar a laghad i roinnt tíortha.
    c. Daoine atá ina gcónaí san Aontas, is cuma cén náisiúntacht atá acu.

4. Fíor nó Bréagach: Is leor milliún tacadóir ó thír AE le go mbeidh tionscnamh ó na saoránaigh bailí?
    a. Fíor
    b. Bréagach

5. Fíor nó Bréagach: Tá oibleagáid ar an gCoimisiún Eorpach reachtaíocht a ghlacadh mar thoradh ar thionscnamh bailí ó na saoránaigh?
    a. Fíor
    b. Bréagach

6. Cé acu ceann de na hinstitiúidí AE seo a leanas atá freagrach as tionscnamh ó na saoránaigh a chlárú?
    a. Parlaimint na hEorpa
    b. Comhairle an Aontais Eorpaigh
    c. An Coimisiún Eorpach

7. Cé acu ceann de na conarthaí seo a leanas a bhunaigh an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh?
    a. Conradh Maastricht (1992)
    b. Conradh Liospóin (2007)
    c. Conradh na Róimhe (1957)

8. Cén cineál daonlathais é an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh?
    a. Rannpháirtíochta
    b. Ionadaíochta

9. Cá fhad a bhíonn ag tionscnamh chun an líon sínithe riachtanach a bhailiú?
    a. 12 mhí
    b. 2 bhliain
    c. Níl aon teorainn ann

10. Fíor nó Bréagach: Ní féidir le daoine tacú le tionscnamh ach amháin ar líne.
    a. Fíor
    b. Bréagach

# Eochair Freagraí Thráth na gCeist Chlabhsúir

1. C.

2. B. Níl aon teorainn ann. Chun tionscnamh a sheoladh, caithfear é a chlárú leis an gCoimisiún Eorpach ar an gcéad dul síos. Ní féidir leis an gCoimisiún tionscnaimh a chlárú ach amháin má iarrann siad air gníomhú ar ábhair a bhfuil an chumhacht aige reachtaíocht a mholadh ina leith. Mar sin, mura dtagann ábhar tionscnaimh nua faoi cheann de na réimsí inar féidir leis an gCoimisiún reachtaíocht a mholadh, ní féidir é a chlárú. Má théann tionscnamh in aghaidh luachanna AE, diúltóidh an Coimisiún dó freisin.

3. B.

4. B. Bréagach. Ní mór don tionscnamh ó na saoránaigh 1 milliún síniú agus tairseacha réamhshocraithe a bhaint amach i 7 mBallstát AE ar a laghad chun go mbeidh sé bailí.

5. B. Bréagach. Tar éis an cruinniú idir eagraithe an tionscnaimh agus an Coimisiún Eorpach agus éisteacht phoiblí ag Parlaimint na hEorpa, ceanglaítear ar an gCoimisiún a shonrú cén ghníomhaíocht a mholfaidh sé mar fhreagairt ar thionscnamh bailí ó na saoránaigh (más ann dó), agus na cúiseanna a ghníomhóidh (nó nach ngníomhóidh) sé. Beidh an freagra seo i bhfoirm cumarsáide a ghlacfaidh na Coimisinéirí go foirmiúil agus a fhoilseofar i dteangacha oifigiúla uile AE.

6. C.

7. B.

8. A. Is cineál daonlathais ionadaíoch é vótáil ar son Feisirí Eorpacha chun ionadaíocht a dhéanamh ar ár leasanna.

9. A.

10. B. Féadfaidh daoine foirmeacha tacaíochta ar pháipéar a shíniú, leis.

# LEATHANACH FÍRICÍ FAOI CHONARTHAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

*Príomhchonarthaí AE*

**2007**
Liospóin
Maastricht



**1992**
Maastricht
Maastricht

**1990**
Coinbhinsiún
Coinbhinsiún





**1957**
Conradh
na Róimhe

**1951**
Conradh
Pháras





https://european-union.europa.eu/select-language?destination=/node/53

Léiríonn na conarthaí seo a leanas cúig gharsprioc thábhachtacha i stair an Aontais Eorpaigh. Más mian leat tuilleadh eolais a fháil, lean na naisc tar éis gach bosca eolais. Cuimhnigh, is féidir leat an teanga a athrú i ngach cás.

## CONRADH PHÁRAS 1951

Tháinig an tAontas Eorpach ar an saol sna 1950í, tar éis dheireadh an Dara Cogadh Domhanda. Ba é an aidhm ná cosc a chur ar chogadh eile ar mhór-roinn na hEorpa. Ba é Conradh Pháras an chéad chéim i dtreo lánpháirtiú na hEorpa. Bhunaigh sé an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach, a thug le chéile sé thír Eorpacha (an Fhrainc, an Ghearmáin Thiar, an Iodáil, an Bheilg, Lucsamburg, agus an Ísiltír) a bhféadfadh trádáil guail agus cruach tarlú gan aon bhacainní eatarthu. Ba í príomhchuspóir an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach ná geilleagair na náisiún Eorpach a bhí rannpháirteach a lánpháirtiú chun an baol coinbhleachta a laghdú agus é a dhéanamh soiléir dá mba rud é go raibh ball amháin ag baint úsáid as cruach chun airm a thiomsú mar ullmhúchán do chogadh féideartha.

https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=LEGISSUM%3Axy0022

## CONRADH NA RÓIMHE 1957

Bhunaigh an conradh seo Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE) a thug 6 thír le chéile (an Bheilg, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Iodáil, Lucsamburg, agus an Ísiltír) chun oibriú i dtreo lánpháirtíochta agus fás eacnamaíoch, trí thrádáil.

Chruthaigh sé cómhargadh bunaithe ar shaorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil. Chruthaigh sé aontas custaim freisin, ag baint taraifí go hinmheánach agus ag socrú comhtharaifí d’earraí a thagann ón taobh amuigh.

Is leis an gconradh seo a bunaíodh go leor de na hinstitiúidí AE a bhfuil aithne againn orthu inniu:

- Comhairle na nAirí
- An Coimisiún
- An Tionól Parlaiminte (Parlaimint na hEorpa)
- An Chúirt Bhreithiúnais
- Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=LEGISSUM:xy0023

## COINBHINSIÚN SCHENGEN 1990

Bunaíodh limistéar saorghluaiseachta, le Coinbhinsiún Schengen, gan aon rialuithe teorann idir na sínitheoirí. Corpraíodh é i ndlí AE ó shin agus is aidhm dhearbhaithe de chuid an Aontais Eorpaigh é anois.

https://eur-lex.europa.eu/EN/legal-content/glossary/schengen-agreement-and-convention.html

## CONRADH MAASTRICHT 1992

Is é seo an conradh lenár bunaíodh an tAontas Eorpach. I measc go leor rudaí eile, tugadh isteach leis an smaoineamh maidir leis an 'Saoránach Eorpach', a ligeann do shaoránaigh aon tír AE maireachtáil agus oibriú in aon Bhallstát eile. Thug sé cearta agus cosaintí eile dóibh freisin.

Cuid thábhachtach eile den chonradh ba ea gur bhunaigh sé an smaoineamh maidir le hairgeadra coiteann agus comhordú na mbeartas eacnamaíoch, as a dtiocfaidh cruthú an euro agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

Láraigh an Conradh go leor freagrachtaí a bhí faoi chúram na rialtas náisiúnta roimhe seo chun comhchuibhiú breise a dhéanamh ar fud an Aontais Eorpaigh. Rinne sé roinnt athruithe freisin ar an struchtúr cumhachta laistigh d'institiúidí AE.

https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=LEGISSUM:xy0026

## CONRADH LIOSPÓIN 2007

Thóg an Conradh seo ar na conarthaí a bhí i bhfeidhm ag an am sin agus leasaigh siad iad. Thug sé pearsantacht dhlítheanach don Aontas Eorpach, rud a chiallaigh go bhféadfadh sé conarthaí a shíniú anois nó dul isteach in eagraíochtaí mar aon chomhlacht amháin. Rinne sé ceangal de réir dlí de Chairt na gCeart Bunúsachagus thug sé an luach dlíthiúil céanna dó agus atá ag na conarthaí. Shoiléirigh sé cad iad na nithe a bhfuil inniúlacht ag an Aontas ina dtaobh.

Chinntigh an Conradh gur cheart go mbeadh níos mó daonlathais ann, trí chumhacht Pharlaimint na hEorpa a mhéadú, rud a bhí an-tábhachtach.

Chuir sé meicníocht ar fáil freisin do ghnáthshaoránaigh chun tionchar díreach a bheith acu ar bheartas agus ar dhlí AE. Seo an áit ar tugadh isteach an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh.

https://eur-lex.europa.eu/EN/legal-content/summary/the-treaty-of-lisbon.html

https://www.europarl.europa.eu/factsheets/en/sheet/5/the-treaty-of-lisbon

Léigh tuilleadh faoi na conarthaí atá i bhfeidhm faoi láthair ar EUR-lex:

https://eur-lex.europa.eu/collection/eu-law/treaties/treaties-force.html?locale=ga

# RÉIMSÍ GNÍOMHAÍOCHTA AE (rogha)

| Inniúlacht Eisiach | Inniúlacht Chomhroinnte | Inniúlacht Tacaíochta |
|---|---|---|
| Aontas Custam | Margadh Aonair | Sláinte phoiblí |
| Rialacha iomaíochta | Fostaíocht agus gnóthaí sóisialta | Tionsclaíocht |
| Beartas airgeadaíochta | Talmhaíocht | Cultúr |
| Trádáil | Iascach | Turasóireacht |
| Plandaí agus ainmhithe mara | Comhshaol | Oideachas agus oiliúint, an óige agus spórt |
| | Cosaint tomhaltóirí | Cosaint shibhialta |
| | Iompar | Comhar riaracháin |
| | Líonraí tras-Eorpacha | |
| | Fuinneamh | |
| | Ceartas | |
| | Cearta bunúsacha | |
| | Imirce agus gnóthaí baile | |
| | Sláinte phoiblí | |
| | Taighde agus an spás | |
| | Comhar forbartha agus cabhair dhaonnúil | |

Faigh amach tuilleadh:
https://europa.eu/citizens-initiative/how-it-works/how-start-initiative-step-step/faq-eu-competences-and-commission-powers

# PRÓISEAS DÉANTA DLÍTHE AE

An Coimisiún Eorpach

**AN COIMISIÚN EORPACH**

Feisirí arna n-ainmniú ag Ballstáit

*Reachtaíocht a mholadh*

**PARLAIMINT NA hEORPA**

Tofa go díreach ag saoránaigh AE

Parlaimint na hEorpa

**COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

Airí ó rialtais na 27 mBallstát

Comhairle an Aontais Eorpaigh

*An reachtaíocht a leasú agus a ghlacadh i gcomhpháirt*

© Aontas Eorpach, 2023
Ceadaítear athúsáid ach an fhoinse a admháil. Déantar beartas athúsáide dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh
a rialáil le Cinneadh 2011/833/AE (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39).

PDF ISBN: 978-92-68-03878-9 doi: 10.2792/163998 KA-04-23-421-GA-N

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh

An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh